

## Tsunami

Nuair a smaoiním siar ar an lá sin is deacair a chreidbháil gur tharla sé i ndáiríre - tá sé níos cosúla le brionglóid.

Maidin fhíor-álainn, ar nós gach uile mhaidin sa tír draíochtúil seo, a bhí ann. Is iascaire é mo dhaid ar nós go leor de mhuintir na h-áite thart timpeall anseo sa sráidbhaile Kem Van. Bhí m'athair agus a chriú amuigh ag iascach le h-éirí na gréine agus bhí mise agus mo dheartháir ar an trá ag deisiú eangachaí. Bhí ár máthair sa bhaile i mbun obair an tí.

Anois agus arís thug mé sraicfhéachaint amach i dtreo na farraige féachaint an raibh bád m'athar ag filleadh abhaile. Gan coinne, d'éirigh tonn ollmhór aníos ó ghrinneall na farraige. Líon an t-aer le búir a bhí difriúil ó aon rud a chuala mé riamh. Mhothaigh mé teas na gréine ag trá. Ansin agus mé ceangailte don talamh thuirling brat uisce anuas orm agus sciobadh mo chosa uaim. Mhothaigh mé mo scámhóga ag líonadh le h-uisce.

Nuair a tháinig mé chugam féin arís bhí mé ar ballchrith. Thart timpeall orm bhí tithe ina smidíríní. Chonaic mé báid iascaigh caite suas ar an mbóthar. Taobh liom bhí corp linbh caite ar nós bábóige. Bhí ciúnas aisteach mí-nádúrtha i ngach áit. Ba ansin a thosaigh an t-ólagán - é ag teacht ó gach áit agus ag líonadh an aeir. De réir a chéile líon mo choí le h-úafás. D'éirigh mé agus thosaigh mé ag siúl - is ar éigean go raibh mé ábalta mo chosa a choinneáil fúm. Níor aithin mé an tsráidbhaile inar tógadh mé. Thug mé faoi deara téacsleabhair ón scoil ina luí sa lám liath a chlúdaigh gach rud timpeall orm.

Rinne mé mo bhealach i dtreo mo thí. Tásc ná tuairisc ní raibh air. Ansin chonaic mé lámh ag síneadh amach ó na brící. D'aithin mé fáinní mo mháthar. Is ar éigean go raibh mé in ann análú le teann bróin. Ansin thosaigh mé ag tochailt go fíochmhar - mé ag glooch ar mo mháthair ach gan aon fhreagra a fháil. Níl fhios agam cén fhaid a thochail mé gur chuala me glór m'athar taobh liom. Thóg sé mé ina bhaclainn, na deora ag sileadh go fial uainn beirt.

Dúirt sé nár thug sé aon rud faoi deara nuair a bhí siad ag iascach. Céard as ar tháinig an tsumamí seo? Cá raibh ár gcomharsain, na cairde scoile, ár muintir? Bhí na páirceanna glasa a bhí lán de bharráí inné, anois clúdaithe le láib liath dhonn. Ag féachaint amach ar áilleacht na farraige ba dheacair an scrios taobh thiar dinn a shamhailt.

An tráthnóna sin ag dul faoi na gréine, leath brat órga ar fud na farraige díreach mar a dheineadh sé gach lá de mo shaol go dtí seo ach anois bhí bheadh scáil ag bagairt taobh thiar den áilleacht go deireadh ama.

Cormac Ó Duibh